Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5181/26**

**AGRI 10**
**AGRISTR 2**
**PECHE 21**
**FORETS 3**
**ENV 20**
**FOOD 2**
**COMPET 24**
**VETER 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais: saincheisteanna Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh<br>– Cur i láthair ón gCoimisiún<br>– Seisiún tuairimíochta |

De théisclim don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26 Eanáir 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra maidir leis an ábhar thuasluaite.

**Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais – saincheisteanna Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaigh**

Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na Cipire éascú a dhéanamh ar fhormheas na gconclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe dar teideal 'Creat straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe san Aontas' mar a chuir an Coimisiún in iúl an 27 Samhain 2025[1]. Ós rud é gur sa Chomhairle Comhshaoil a bhíonn plé ar an ábhar seo, cuireadh dréacht-téacs in iúl tríd an Meitheal um an gComhshaol[2].

Agus ról lárnach earnálacha na talmhaíochta, na foraoiseachta agus an iascaigh maidir leis an mbithgheilleagar á aithint aici, measann Uachtaránacht na Cipire go bhfuil sé an-tábhachtach ionchur a fháil ón gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh agus na conclúidí ón gComhairle á n-ullmhú. Sa seisiúin tuairimíochta sin cuirfear ionchur ar fáil don Uachtaránacht a bheidh ina rannchuidiú láidir di, rud a fhágfaidh go léireofar go leordhóthanach sna conclúidí a bheidh le formheas ag an gComhairle réaltachtaí, acmhainneacht agus riachtanais na n-earnálacha sin agus, ag an am céanna, cothromaíocht á baint amach idir an t-iomaíochas, an inbhuanaitheacht agus an rathúnas críochach.

Tá fianaise fhairsing ó chomhairliúcháin éagsúla mar bhonn taca leis an Straitéis nuashonraithe agus cuireann sí leis na doiciméid seo a leanas:

a) an straitéis ó 2012 dar teideal '*Innovating for Sustainable Growth: A Bioeconomy for Europe*' [Nuálaíocht don Fhás Inbhuanaithe: Bithgheilleagar don Eoraip][3],
b) athbhreithnithe ábhartha a rinneadh in 2018, dar teideal '*A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment*' [Bithgheilleagar Inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú][4] agus in 2022, dar teideal 'Beartas bithgheilleagair na hEorpa: athbhreithniú agus forbairtí amach anseo'[5],

---

1 16071/25
2 16980/25
3 6487/12
4 COM (2018) 673 final
5 10095/22 ADD 1

c) na Conclúidí ón gComhairle in 2023 le linn Uachtaránacht na Sualainne maidir le deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe[6],

d) na Dréacht-chonclúidí ón gComhairle in 2024 faoi Uachtaránacht na hUngáire maidir le tionscnamh féideartha T&F uile-Eorpach maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, chun leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa[7], agus

e) Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029[8].

Cuirtear san áireamh ann freisin an Rún ó Pharlaimint i mí Iúil 2025 maidir le todhchaí earnáil bith-theicneolaíochta agus bithmhonaraíochta an Aontais[9].

Tá bithgheilleagar an Aontais ina spreagadh dinimiciúil don iomaíochas agus tá tábhacht straitéiseach ag baint leis i gcás raon leathan earnálacha eacnamaíocha. Tá srian ar an mbithgheilleagar freisin, áfach, mar gheall ar theorainneacha pláinéadacha, tionchair an athraithe aeráide agus infhaighteacht agus inbhuanaitheacht na bithmhaise. Tá sé ríthábhachtach úsáid fhreagrach éifeachtúil na bithmhaise a áirithiú don iomaíochas fadtéarmach, do chobhsaíocht an tsoláthair agus do shláinte an éiceachórais.

Beidh sé d'aidhm ag an straitéis nua bithgheilleagar inbhuanaithe dúlra-dearfach a thógáil tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Nuálaíocht agus infheistíochtaí a mhéadú don bhithgheilleagair;

2. Margaí tosaigh nua a fhorbairt le haghaidh ábhair agus teicneolaíochtaí bithbhunaithe;

3. Soláthar bithmhaise inbhuanaithe a áirithiú ó shlabhra luacha go chéile agus

4. Tairbhe a bhaint as deiseanna domhanda.

---

6 8406/23
7 15304/24
8 an Iris Oifigiúil, IO C 2024 400 I, lch. 1
9 Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le todhchaí earnáil bith-theicneolaíochta agus bithmhonaraíochta an Aontais: taighde a ghiaráil, borradh a chur faoin nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú, 2025. D'eisigh Coiste na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairimí maidir leis an mbithgheilleagar freisin.

Is ag céim an táirgthe phríomhúil (feirmeoirí, foraoiseoirí, iascairí agus táirgeoirí dobharshaothraithe) a dhéantar beo-acmhainní na hEorpa a bhainistiú. Is ansin a thosaíonn an bithgheilleagar agus tá sé ar cheann de na foinsí bithmhaise is tábhachtaí is féidir a uasghrádú chuig ábhair agus táirgí bithbhunaithe inbhuanaithe mar shampla ábhair thógála, bithcheimiceáin, teicstílí, ábhair phacáistíochta, plaistigh, leasacháin agus táirgí cosanta plandaí ar roghanna malartacha saor ó bhreoslaí iontaise iad a chruthaíonn sruthanna ioncaim nua cobhsaí.

Úsáideann táirgeoirí príomhúla réitigh bhithbhunaithe freisin (bithleasacháin, bithphlaistigh, bithlotnaidicídí, etc.) agus is nuálaithe iad a chomhchruthaíonn táirgí agus ábhair nuálacha, mar shampla sa Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe.

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, méadaítear an cistiú don bhithgheilleagar tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas, agus trí ghné bheartais an chláir réime Fís Eorpach maidir le sláinte, bith-theicneolaíocht, talmhaíocht agus an bithgheilleagar. Ina theannta sin cuireann an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) samhlacha éagsúla ar fáil le haghaidh infheistíochtaí comhoibríocha i bpróiseáil ón mbun aníos agus i margú na slabhraí luacha nua, agus luach á chruthú ó bhithmhais neamhshaothraithe agus i dtáirgeadh príomhúil a nascadh le hinfheistíochtaí tionsclaíocha, rud a chuireann le fás agus fostaíocht tuaithe.

Iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na treoircheisteanna seo a leanas mar rannchuidiú leis an bpróiseas chun conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbithgheilleagar, a bheidh le formheas ag an gComhairle Comhshaoil, a ullmhú, agus é á chur san áireamh acu gur fhás earnálacha an bhithgheilleagair níos tapúla ná an geilleagar foriomlán le deich mbliana anuas:

1. *Cén ról ba cheart a bheith ag earnálacha na talmhaíochta, an iascaigh agus na foraoiseachta i mbeartas an Aontais amach anseo maidir leis an mbithgheilleagar? An dtugann Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais tacaíocht leordhóthanach do tháirgeoirí príomhúla? Cad iad na príomh-mhargaí lena mbaineann an acmhainneacht is mó don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht agus cad iad na príomh-bacainní?*

2. *Céard iad na bealaí lenar féidir linn ról na talmhaíochta, an iascaigh agus na foraoiseachta i mbeartais bhithgheilleagair an Aontais a neartú, agus an méid seo a leanas a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna:*

   (a) *deiseanna le haghaidh éagsúlú ioncaim do tháirgeoirí bia agus d'fhoraoiseoirí chun iomaíochas a fheabhsú;*

*(b)* *cumas na hEorpa freastal ar an gcuid is mó dá riachtanais bhithmhaise trí tháirgeadh intíre inbhuanaithe ar thaobh amháin agus slándáil bia an Aontais ar an taobh eile;*

*(c)* *inbhuanaitheacht agus úsáid éifeachtúil na bithmhaise mar bhonn taca d'iomaíochas fadtéarmach agus do shláinte na n-éiceachóras;*

*(d)* *rathúnas agus athléimneacht na limistéar tuaithe agus cósta agus na bpobal áitiúil;*

*(e)* *taighde agus nuálaíocht láidir maidir leis an mbithgheilleagar agus rannpháirtíocht na dtáirgeoirí príomhúla?*